Ciorclán SNA 15/05

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna

Conradh Fostaíochta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta

Táim faoi threoir ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta a chur in iúl duit go bhfuil comhaontú déanta ar shocruithe athbhreithnithe maidir le téarmaí agus coinníollacha Chúntóirí Riachtanas Speisialta ag bunleibhéal, tar éis plé a bheith déanta ag leibhéal náisiúnta.

Maidir leis sin faigh leis seo le do thoil conradh fostaíochta athbhreithnithe ba chóir a thairiscint do gach Cúntóir Riachtanas Speisialta a fhostaíonn do scoil agus a ndéanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maoiniú ar a p(h)ost. Is féidir tuilleadh cóipeanna den chonradh a íoslódáil ó láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie faoi **Foireann Scoile**/Cúntóirí um Riachtanas Speisialta. Ba chóir don údarás bainistíochta an conradh bunaidh sínithe a choinneáil sa scoil, agus cóip a thabhairt don Chúntóir Riachtanas Speisialta.

Ceapacháin Nua

Áirítear sa chonradh athbhreithnithe go mbaineann na poist Cúntóirí Riachtanas Speisialta nua go léir le Riachtanas speisialta dalta amháin nó níos mó a bhfuil na poist faofa ina leith, agus go bhféadfaidh an scoil iad a úsáid le haird ar Riachtanas na ndaltaí sin agus ar dhualgais an phoist. **Ba chóir deireadh a chur leis an gcleachtas conarthaí a bhaineann le leanbh faoi leith a eisiúint, le héifeacht láithreach.**

Foireann atá ann cheana

Ba chóir an rogha a thabhairt do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá i seirbhís ar chonarthaí a bhaineann le leanbh faoi leith agus a mbeidh a c(h)uid fostaíochta ag leanúint don chéad scoilbhliain eile aistriú chuig an gconradh athbhreithnithe nó fanacht leis an gconradh ar a bhfuil siad faoi láthair. **Is rogha aon uaire é an rogha aistriú chuig an gconradh athbhreithnithe agus caithfear é a dhéanamh an 30ú Meán Fómhair 2005 nó roimhe sin.** Cuirfear seirbhís cheadaithe mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta sa scoil san áireamh chun críche sinsearachta ó thaobh na gCúntóirí Riachtanas Speisialta sin a roghníonn aistriú chuig an gconradh athbhreithnithe. Fanfaidh na Cúntóirí Riachtanas Speisialta sin nach mbainfidh úsáid as a rogha roimh an 30ú Meán Fómhair 2005 nó roimhe ar an gconradh a bhaineann le leanbh

faoi leith agus leanfaidh a bhfostaíocht sa todhchaí ag brath ar Riachtanas measta an linbh atá sonraithe sa chonradh.

Athbhreithniú ar leithroinnt

Déanfar athbhreithniú ar leithroinnt post cúntóirí Riachtanas speisialta ar do scoil ar bhonn bliantúil. D'fhéadfaí fostaíocht Chúntóirí Riachtanas Speisialta a laghdú ó bhonn lánaimseartha go páirtaimseartha nó deireadh a chur léi trí iomarcaíocht sa chás go laghdófar an leithroinnt. Bunófar na critéir roghnúcháin d'iomarcaíocht ar bhonn 'ar deireadh ag teacht ar dtús ag imeacht' (LIFO) de réir an chomhaontaithe a rinneadh le hionadaithe an ghráid atá i gceist faoi réir na socruithe conartha atá i bhfeidhm cheana sa scoil. Ciallaíonn sé sin, i gcás iomarcaíochta, mura bhfuil conradh scríofa a bhaineann le leanbh faoi leith ag an CRS is sóisirí sa scoil a thugann teidlíocht di/dó fanacht sa scoil, ba chóir deireadh a chur lena c(h)onradh ar an mbunús gurb é/í an CRS is sóisirí sa scoil é/í i dtéarmaí fad seirbhíse.

Iarrtar ar údaráis bhainistíochta a chinntiú go dtugtar an ciorclán seo ar aird gach Cúntóir Riachtanas Speisialta, iad siúd atá ar shaoire máithreachais, ar shaoire breoiteachta, etc. san áireamh.

P. Maloney,
Ard-Oifigeach.
Lúnasa 2005.

Cúntóirí Riachtanais Speisialta (Bunoideachas)